An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna -
Ag Cur Feabhsú Chun Cinn

Ag Soláthar Seirbhísí Cigireachta:
don Roinn Oideachais
don Roinn Fostaíochta agus Foghlama
don Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta

CUSTOMER SERVICE EXCELLENCE

INFHEISTEOIR I NDAOINE

An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

Tuairisc ar Chigireacht Leantach

Naíscoil Cholmcille
Doire

Dáta na Cigireachta: Nollaig 2006

TUAIRISC AR CHIGIREACHT LEANTACH I NAÍSCOIL CHOLMCILLE, SEANTALAMH, DOIRE, BT48 8EN (2AB-0071)

Sa chigireacht i Mí na Samhna 2004 tugadh aird ar leith ar na láidreachtaí sna nithe seo a leanas: éiteas an ionaid; an bhaint éifeachtach a bhíonn ag an fhoireann leis na páistí agus iad i mbun gníomhaíochtaí súgartha; agus na deiseanna maithe a bhíonn ag na páistí Gaeilge a shealbhú agus a fhorbairt go nádúrtha agus iad ag súgradh. Aithníodh sa tuairisc gur gá feabhsúcháin a dhéanamh sna príomhréimsí seo a leanas:

- an obair a dhéantar leis an phleanáil scríofa a leathnú ar bhonn leanúnach córasach agus na modhanna measúnachta a chomhdhlúthú.

San idirlinn, ó bhí an chigireacht ann, tharla na hathruithe seo a leanas a théann i bhfeidhm ar obair an ionaid réamhscolaíochta:

- Ní hionann na baill foirne uile anois agus a bhíodh. Tá an t-ionad i mbun oibre leis an tríú ball foirne a cheapadh.

- Ceannaíodh acmhainní breise le tuilleadh deiseanna a thabhairt do pháistí dul chun cinn a dhéanamh agus dúshláin a bheith acu agus iad i mbun súgartha i ngach réimse.

- Tá na baill foirne i ndiaidh freastal ar chúrsaí cuí oiliúna i modhanna pleanála agus breathnóireachta agus fuair siad tacaíocht luachmhar ón saineolaí oideachas luath-óige acu.

Thug an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna sraith cuairteanna cigireachta ar an ionad mar chuid den phróiseas a lean uaidh sin. Ullmhaíodh an tuairisc seo i ndiaidh na cuairte cigireachta a rinneadh ar 1 Nollaig 2006 agus cuirtear sa chuntas inti na cinntí a d'éirigh as na cuairteanna i Mí Mheán Fómhair 2005 agus i Mí an Mheithimh 2006.

Is iad seo a leanas na feabhsúcháin is tábhachtaí a chuir an fhoireann agus an grúpa bainistíochta i bhfeidhm.

- Léirítear sa phleanáil scríofa go bhfuil dul chun cinn soiléir déanta in úsáid na n-acmhainní agus i leibhéil na ndúshlán a chuirtear ar fáil sna gníomhaíochtaí. Is soiléire a mhínítear ról an duine fásta, agus tá an phleanáil ina cuidiú nuair atá idirghníomhaíochtaí éifeachtacha sciliúla le páistí le cur chun cinn.

- Tá dul chun cinn mór déanta ag an fhoireann agus iad ag ceapadh córas cuí lena bhfuil bainte amach ag na páistí a mheasúnú agus a thaifeadadh. Is eiseamláir mhaith í an ceannaire le leanúint mar go dtugann sí treoir luachmhar do na baill foirne agus iad ag déanamh measúnachtaí ar a bhfuil foghlamtha ag na páistí agus iad ag baint úsáide as an eolas sin le haghaidh pleanála.

Tá dul chun cinn mór déanta ag an ionad réamhscolaíochta agus é ag tabhairt faoi na príomhréimsí le haghaidh gníomhú. Is féidir leis na tuismitheoirí agus an pobal i gcoitinne muinín a bheith acu as an rún daingean atá ag an fhoireann feabhsúcháin a dhéanamh.

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2007

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina iomláine nó ina codanna, seachas le haghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofar foinse agus dáta na tuairisce ann.

Is féidir cóipeanna den tuairisc seo a fháil ón Bhrainse Seirbhísí Cigireachta, An Roinn Oideachais, Teach Ráth Giall, 43 Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, Co. an Dúin BT19 7PR. Tá cóip ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais: www.deni.gov.uk